C/2026/3231

2.7.2026

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa, chuig Comhairle na hEorpa agus chuig an gComhairle – An tSíocháin a Chaomhnú — Treochlár 2030

(Tarchur roghnach)

JOIN (2025) 27 — final

(C/2026/3231)

Rapóirtéir: **Christian MOOS (DE, Grúpa III)**

Co-rapporteur: **Christophe TYTGAT (BE, Category 1)**

Comhairleoirí	Małgorzata DAROWSKA (thar ceann chomhrapóirtéir Chatagóir 1)
	Kristýna HELM (thar ceann Ghrúpa I)
Cinneadh ón Tionól Iomlánach	18.3.2026
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
Comhairliúchán	14.1.2026
Bunús dlí	Airteagal 104 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh
An rannóg atá freagrach	An Coimisiún Comhairleach um Athruithe Tionsclaíocha
Dáta a glactha sa rannóg	10.3.2026
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	18.3.2026
Seisiún iomlánach Uimh.	604
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/staonadh)	201/4/15

1. Conclúidí agus moltaí

1.1. Tá cogadh ann arís san Eoraip agus tá an t-ord domhanda á athmhúnlú ag coimhlintí domhanda na haimsire. Seasann CESE leis an mbeart straitéis chuimsitheach Eorpach um an gcosaint a tharraingt suas. Lena chois sin, glacann CESE leis an Straitéis um Aontas na hUllmhachta agus leis an Straitéis Eorpach um an tSlándáil Inmheánach, dhá straitéis a lean an Páipéar Bán Comhpháirteach maidir le Cosaint na hEorpa — Ullmhacht 2030. Tarraingíonn sé aird freisin ar na moltaí atá i dtuairim CCMI/256 maidir leis an Treochlár um Chlaochlú Thionscal Cosanta an Aontais.

1.2. Ní bheidh an chosaint Eorpach inchreidte gan cuntasacht dhaonlathach agus trédhearcacht, mar aon le faireachán poiblí ar an ullmhacht agus ar an tionchar ar thionsclaíocht. Seasann CESE le straitéis chuimsitheach Eorpach um chosaint lena gcomhtháthaítear an ullmhacht mhíleata leis an ullmhacht shibhialta, an athléimneacht shóisialta, an taidhleoireacht, an dlí idirnáisiúnta agus cur chun cinn na síochána, an daonlathais agus chearta an duine. Ní hé an míleatú an toradh ba cheart a bheith ar an ullmhacht i réimse na cosanta ach go neartófaí na cumais i réimse na cosanta ar bhealach atá comhoiriúnach don rialú sibhialtach agus don ghrinnscrúdú daonlathach.

1.3. Is mór ag CESE struchtúr eagraithe, cuspóirí, amlínte agus spriocanna insoláthartha an Treochláir, ach is oth leis nach n-áirítear an chosaint chabhlaigh mar chuid bhunriachtanach d'ullmhacht cosanta an Aontais.

1.4. Is díol sásaimh do CESE go bhfuil réimsí tosaíochta cumais sainaitheanta sa Treochlár ach is oth leis gur cuireadh moill nó srian ar chuid de na cumais sin a fhad a bhaineann sé leis an Úcráin.

1.5. Ní mór ullmhacht cosanta na hEorpa a spriocdhíriú agus díriú ar an mbeachtas, ar an bhfaisnéis, ar an gcibearchosaint, ar an lóistíocht, ar an tsoghluaisteacht, ar an gcosaint aeir, spáis, chabhlaigh, talún agus frithdhiúracán agus ar chosaint an bhonneagair chriticiúil, lena n-áirítear na hiarnróid agus na calafoirt.

1.6. Iarrann CESE ar an Aontas an ilroinnt atá ann a réiteach agus Bonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí (BTTCE) a neartú agus a bharrfheabhsú. Ba cheart dó freisin an comhar a fheabhsú, an soláthar poiblí comhpháirteach a chur chun cinn, na spleáchais ar thríú tíortha a laghdú (cás na n-acmhainní fuinnimh san áireamh) agus athléimneacht an tslabhra soláthair a áirithiú (soláthar na mbreoslaí san áireamh) chun uathriail straitéiseach na hEorpa a neartú.

1.7. Meabhraíonn CESE gur cheart cur in aghaidh na caomhnaitheachta náisiúnta i réimse an tsoláthair cosanta. Tá an soláthar poiblí comhpháirteach, arbh fhearr a dhéanamh trí ardán/gníomhaireacht Eorpach, ríthábhachtach chun an chosaint Eorpach a fhorbairt agus chun an idir-inoibritheacht a fheabhsú i measc na mBallstát. Tá comhchreat rialála le haghaidh earraí míleata chomh tábhachtach céanna.

1.8. Ní mór tosaíocht a thabhairt do thorthaí a fhaightear trí chumais, agus a áirithiú go bhfuil an chuimsitheacht iomchuí ann chun gur féidir tuiscint a chruthú go bhfuil comhúinéireacht Eorpach ann. Cuireann CESE i bhfáth gur gá aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh shóisialta thromchúiseacha atá ann faoi láthair, rudaí a bhaineann an bonn den chomhtháthú sóisialta agus réigiúnach a bhfuil gá leis agus a d'fhéadfadh drochthionchar a imirt ar an ullmhacht cosanta féin.

1.9. Leagann CESE béim ar a thábhachtaí atá sé an chothroime iomaíochta a áirithiú idir na fiontair phoiblí agus na fiontair phríobháideacha. Tugann sé chun suntais go dteastaíonn tacaíocht spriocdhírithe ó na FBManna sin a bhfuil cumais ábhartha acu, agus iarrann sé go dtabharfaí dreasachtaí breise do chuideachtaí meánchaipitlithe atá ina gceannródaithe teicneolaíochta.

1.10. Chun fíorspás soghluaisteachta míleata a chruthú san Aontas faoi 2027, tá gá le rialacha comhchuibhithe i réimsí an iompair, an chustaim agus an bhonneagair. Tá CESE ag iarraidh go mbeadh táscairí feidhmíochta intomhaiste agus córas imréitigh amháin ann chun dlús a chur leis an ngluaiseacht trasteorann.

1.11. Tá dualgas seirbhíse míleata á thabhairt isteach an athuair ag roinnt Ballstát. Dá bhrí sin, molann CESE idirphlé uile-Aontais a dhéanamh leis an tsochaí shibhialta maidir le riachtanais na cosanta míleata agus sibhialta.

1.12. Molann CESE go dtarraingeofaí suas comhshocrú Eorpach um scileanna i réimse na cosanta chun a áirithiú go mbeidh lucht saothair oilte ann. Athdhearbhaíonn sé a thábhachtaí atá caighdeáin láidre i réimse an tsaothair, an chothromaíocht idir na réigiúin, rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta sa chlaochlú tionsclaíoch agus caomhnú chearta saothair na n-oibrithe. Seasann CESE le prionsabal an neamh-chúlchéimnithe i gcás chearta oibre na n-oibrithe sin agus tá sé i bhfabhar rannpháirt a thabhairt do na comhpháirtithe sóisialta sna claochluithe tionsclaíocha a bhfuil gá leo trí bhíthin an idirphlé shóisialta agus na cómhargála.

1.13. Iarrann CESE go gcuirfí an comhtháthú eacnamaíoch agus tionsclaíoch i réimse na cosanta chun cinn i gcomhthráth leis an gcomhtháthú polaitiúil agus míleata, agus leas á bhaint as acmhainneacht iomlán Chonradh Liospóin.

2. **Barúlacha ginearálta**

2.1. Seasann CESE le straitéis chuimsitheach Eorpach um chosaint lena gcomhtháthaítear an ullmhacht mhíleata leis an ullmhacht shibhialta, an athléimneacht shóisialta, an taidhleoireacht, an dlí idirnáisiúnta agus cur chun cinn na síochána, an daonlathais agus chearta an duine ([1]). Sa chomhthéacs sin, glacann CESE leis an Straitéis um Aontas na hUllmhachta ([2]) agus leis an Straitéis Eorpach um an tSlándáil Inmheánach ([3]), dhá straitéis a lean an Páipéar Bán Comhpháirteach maidir le Cosaint na hEorpa — Ullmhacht 2030. Tarraingíonn sé aird freisin ar na moltaí atá i dtuairim CCMI/256 — maidir leis an Treochlár um Chlaochlú Thionscal Cosanta an Aontais — ina scrúdaítear an claochlú tionsclaíoch atá mar bhonn leis an ullmhacht cosanta agus a bhfuil dlúthbhaint aige leis an tuairim seo.

([1]) IO C, C/2025/5162, 28.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5162/oj.
([2]) Straitéis AE um Aontas na hUllmhachta chun bagairtí agus géarchéimeanna atá ag teacht chun cinn a chosc agus chun freagairt dóibh.
([3]) EUR-Lex — 52025DC0148 — GA — EUR-Lex.

2.2. Is mór ag CESE struchtúr, cuspóirí trédhearcacha, amlínte agus spriocanna insoláthartha an Treochláir, sin agus gur cuireadh gníomhaíochtaí fhórsaí armtha na mBallstát san áireamh ann. Mar sin féin, tá easpa soiléireachta sa Treochlár a fhad a bhaineann sé le rialachas agus roinnt na n-inniúlachtaí i measc na bpríomhghníomhaithe, lena n-áirítear an Coimisiún Eorpach, an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint, na Ballstáit agus ECAT. Mar thoradh air sin, tá forluí ann idir colúin éagsúla na hullmhachta cosanta. Bíonn freagrachtaí soiléire agus córas rialachais soiléir a dhíth le haghaidh gníomhaíochtaí comhtháite.

2.3. Tugann CESE dá aire go ndearbhaítear sa Treochlár go bhfuil ceannasacht ag na Ballstáit i réimse na slándála agus na cosanta náisiúnta agus go bhfuil freagracht orthu as cuspóirí a shainiú maidir le cumais chun ullmhacht na bhfórsaí armtha a áirithiú le haghaidh cúraimí straitéiseacha agus míleata. Mar sin féin, measann CESE freisin go bhfuil fiúntas ag baint leis an gcomhordú idir na Ballstáit a neartú agus cuspóirí ginearálta Eorpacha a leagan síos agus gníomhaíochtaí soiléire agus spriocanna intomhaiste a bheith ann.

2.4. Ós rud é go bhfuil os cionn 178 gcóras arm ag na 27 mBallstát (i gcomparáid leis an 30 córas sna Stáit Aontaithe) agus gur soláthar poiblí náisiúnta atá i gceist in 80 % den soláthar, níl táirgí cosanta na hEorpa caighdeánaithe ná idir-inoibritheach, agus is é a thagann as sin dúbláil, neamhéifeachtúlachtaí agus costais arda. Tá an ilroinnt atá i dtionscal na hEorpa faoi láthair ag déanamh dochair d'ullmhacht cosanta an Aontais. Tugann taithí na hÚcráine le linn an chogaidh chun suntais a thábhachtaí atá ceannacháin láraithe agus bainistiú cumais. Tacaíonn CESE leis an iarraidh atá sa Treochlár go ndéanfaí córas soláthair níos comhordaithe a thabhairt isteach maidir le trealamh míleata, lena n-áirítear nósanna imeachta an tsoláthair phoiblí chomhpháirtigh, agus iarrann sé go dtiocfaí ar réitigh iomchuí chun an ilroinnt agus na scrogaill a sheachaint.

2.5. Cuireann CESE i bhfáth gur gá BTTCE a neartú agus a bharrfheabhsú, an ilroinnt agus an dúbláil a laghdú, an comhar agus an comhthiomsú a fheabhsú, an soláthar poiblí comhpháirteach a chur chun cinn, na spleáchais ar thríú tíortha a íoslaghdú, táirgí Eorpacha a cheannach — lena n-áirítear trí chóras tosaíochta Eorpach in earnálacha atá íogair ó thaobh na slándála de amhail earnáil na cosanta — agus athléimneacht an tslabhra soláthair a áirithiú chun gur féidir uathriail straitéiseach agus athléimneacht na hEorpa a neartú agus an úsáid is fearr is féidir a bhaint as na hacmhainní ([4]).

2.6. Meabhraíonn CESE go bhfuil an-tábhacht le hAontas Margaí Caipitil ionas gur féidir cuspóirí an Aontais maidir le huathriail straitéiseach agus ullmhacht cosanta a bhaint amach.

2.7. Tugann CESE chun suntais an gá atá le tacaíocht spriocdhírithe a thabhairt do FBManna a bhfuil cumais ábhartha acu, agus dreasachtaí láidre éifeachtacha a thabhairt do chuideachtaí nuálacha atá in ann slabhraí luacha a eagrú agus gnólachtaí nuathionscanta agus an saol acadúil a chomhtháthú iontu. Caithfear an infheistíocht phoiblí agus an soláthar poiblí go léir a nascadh le coinníollachtaí sóisialta chun dreasachtaí níos fearr a thabhairt d'earnáil na tionsclaíochta lena spreagadh chun infheistíocht a dhéanamh san uas-sciliú, san athsciliú, i bpoist ardchaighdeáin agus in earcaíocht na n-oibrithe ionas gur féidir an t-aistriú cóir a chur i gcrích.

2.8. Deimhníonn CESE a thábhachtaí atá prionsabal an neamh-chúlchéimnithe i leith cearta saothair, an t-idirphlé sóisialta agus an chómhargáil má tá claochlú thionscal cosanta na hEorpa le bheith éifeachtach.

2.9. Cuireann CESE i bhfáth a thábhachtaí atá an fhorbairt réigiúnach, lena n-áirítear úsáid ní b'éifeachtaí an Chiste Comhtháthaithe ar mhaithe leis an mbonneagar dé-úsáide a nuachóiriú, sin agus nósanna imeachta simplithe agus rochtain chothrom ar mhaoiniú.

2.10. Ní mór ullmhacht cosanta na hEorpa a bheith dírithe ar an gcumas ionsaithe bheacht, ar an bhfaisnéis, ar an gcibearchosaint, ar an lóistíocht, ar an gcosaint aeir, spáis, chabhlaigh, talún agus frithdhiúracán, agus ar chosaint an bhonneagair chriticiúil, lena n-áirítear na hiarnróid agus na calafoirt, agus na naisc idir na calafoirt agus na cúlchríocha a fheabhsú. Fágann na gnéithe sin go neartaítear an díspreagadh agus, ag an am céanna, go gcuirtear teorainn le rioscaí comhthaobhachta agus go neartaítear an athléimneacht.

2.11. Is díol sásaimh do CESE gur sainaithníodh príomhchéimeanna agus príomh-gharspriocanna, lena n-áirítear na chéad réimsí tosaíochta cumais, ach is oth leis gur chuir na Ballstáit moill nó srian ar roinnt de na cumais sin — ainneoin go raibh siad ar fáil — a fhad a bhaineann sé leis an Úcráin, rud a laghdaíonn éifeachtacht na tacaíochta Eorpaí.

([4]) IO C, C/2025/2013, 30.4.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/2013/oj;IO C, C/2024/4663, 9.8.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/4663/oj; IO C, C/2024/4662, 9.8.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/4662/oj; IO C 486, 21.12.2022, lch. 168; IO C 129, 11.4.2018, lch. 51; IO C 288, 31.8.2017, lch. 62.

2.12. Is bagairt straitéiseach atá ag dul i méid é an spleáchas ar amhábhair chriticiúla, lena n-áirítear acmhainní fuinnimh. Dá bhrí sin, tá an ullmhacht cosanta ag brath freisin ar an athléimneacht thionsclaíoch agus acmhainní a dhaingniú san Eoraip trí bhíthin slabhraí soláthair agus acmhainneachtaí próiseála éagsúlaithe iontaofa atá bunaithe san Eoraip (bithbhreoslaí de bhunadh bithmhais inbhuanaithe dhúchasach, cuir i gcás) ([5]).

3. **Treochlár 2030 maidir le hUllmhacht Cosanta: Measúnú agus moltaí**

3.1. Is díol sásaimh do CESE go dtugtar le chéile sa treochlár beartais thionsclaíocha, nuálaíochta, soláthair agus soghluaisteachta, rud a fhágann go bhfuil sé ina phlean comhleanúnach trína n-áirithítear go mbeidh ullmhacht cosanta san Eoraip faoi 2030, lena n-áirítear tionscadail shuaitheanta uile-Eorpacha, spás soghluaisteachta míleata uile-Aontais faoi 2027 agus naisc leis an ollstruchtúr airgeadais 'ReArm Europe'.

3.2. Meabhraíonn CESE gur cheart cur in aghaidh na caomhnaitheachta náisiúnta i réimse an tsoláthair cosanta agus iarrann sé go n-aimseofaí réitigh. Nuair nach n-áirítear an iomaíocht chóir Eorpach sna tionscail náisiúnta, cruthaítear neamhéifeachtúlacht, dúbláil agus costais níos airde. Fágann an chaomhnaitheacht go ndéantar na margaí a ilroinnt, go gcruthaítear iomarcaíochtaí, go bplúchtar an nuálaíocht, go laghdaítear an mhuinín atá ag na Ballstáit as a chéile agus gur féidir cur isteach ar an idir-inoibritheacht.

3.3. Is ábhar práinne é treoir shoiléir a thabhairt don tionscal maidir leis an gcaoi le páirt a ghlacadh sa soláthar poiblí comhpháirteach, go háirithe a fhad a bhaineann sé le cúrsaí cánach ar nós na díolúine ó CBL faoi Airteagal 20 de Rialachán SAFE. Ba cheart an treoir sin a bheith le sonrú i gcónaí ar an gcreat soláthair is infheidhme i réimse na cosanta agus na slándála, lena n-áirítear Treoir 2009/81/CE ([6]), agus sna rialacha Eorpacha maidir leis na costais atá incháilithe le haghaidh comhpháirteanna agus fochóras. A bhuí le trédhearcacht bhreise, beidh na cuideachtaí in ann an táirgeadh agus an infheistíocht a phleanáil ar bhealach níos éifeachtaí. Tá sé thar a bheith tábhachtach freisin na rialacha maidir le státchabhair a shoiléiriú i gcás infheistíochtaí a fhaigheann maoiniú poiblí.

3.4. I gCaibidil 5 den Treochlár, leagtar béim, mar is ceart, ar an ngá atá le bearnaí cumais a dhúnadh agus iomaíochas na hEorpa a neartú, ar bearta iad ina bhfuil gá le luas agus le héifeachtúlacht a fhad a bhaineann sé leis an ullmhacht. Ní mór tosaíocht a thabhairt do thorthaí a fhaightear trí chumais, agus an chuimsitheacht is gá á háirithiú chun comhchosaint éifeachtach, uathriail straitéiseach agus an tuiscint go bhfuil comhúinéireacht Eorpach ann a bhaint amach.

3.5. Molann CESE go láidir go gcruthófaí fíormhargadh aonair le haghaidh an trealaimh cosanta agus é bunaithe ar an trédhearcacht agus ar chaighdeáin choiteanna, lena n-áiritheofaí cothroime iomaíochta idir na cuideachtaí poiblí agus na cuideachtaí príobháideacha.

3.6. Iarrtar sa Treochlár, mar is ceart, go mbeadh infheistíocht chomhordaithe ann, sin agus go ndéanfaí an tionsclaíocht a scálú agus go neartófaí an ullmhacht oibríochtúil. Mar sin féin, ní tuiscint nua é seo: tá CESE á rá le blianta fada go bhfuil earnáil cosanta na hEorpa ilroinnte ([7]). Is bearta píolótacha tábhachtacha iad tionscnaimh ar nós an Ghnímh um Thionscal Cosanta na hEorpa a Atreisiú trí Sholáthar Comhoibríoch (EDIRPA) ach is bearta sealadacha iad go fóill agus tá an iomarca srianta orthu ó thaobh cistiúcháin agus raon feidhme institiúideach de. Chun an sprioc 40 % den soláthar cosanta a eagrú mar sholáthar poiblí comhpháirteach faoi 2027, tá ardán buan nó gníomhaireacht bhuan i réimse an tsoláthair ag teastáil ón Aontas Eorpach chun na ceannacháin a chomhordú, a chaighdeánú agus a scálú.

3.7. D'fhéadfadh ardán/gníomhaireacht den sórt sin barainneachtaí scála a ghiniúint, an trédhearcacht a fheabhsú agus tacú le FBManna trí thairiscintí digiteacha oscailte. Ní 'lárionad ceannachán na Bruiséile' ba cheart a bheith ann ach mol comhair (sampla a d'fhéadfaí leas a bhaint as is ea an chaoi ar soláthraíodh vacsaíní le linn phaindéim COVID-19). Is iad EDIRPA, an Ciste Eorpach Cosanta (CEC) agus an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint (GEC) an bhunsraith atá ann, ach is é an nasc institiúideach atá in easnamh agus a dhaingneodh an soláthar poiblí comhpháirteach ardán a bheith ann a bheadh fréamhaithe sa dlí, á rialú go comhpháirteach agus an cistiú iomchuí ann dó.

3.8. Is sprioc uaillmhianach atá sa Treochlár, is é sin an sprioc 40 % maidir leis an soláthar poiblí comhpháirteach, ach is sprioc í atá riachtanach freisin. Molann CESE leas a bhaint as garspriocanna idirmheánacha (25 % faoi 2026), as an tuairisciú trédhearcach agus as cur chuige na hailtireachta oscailte trí úsáid a bhaint as caighdeáin agus as comhéadain theicniúla choiteanna shainithe chun an idir-inoibritheacht a áirithiú agus gaibhniú díoltóirí a chosc.

([5]) IO C 349, 29.9.2023, lch. 142, IO C, C/2023/857, 8.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2023/857/oj.
([6]) IO L 216, 20.8.2009, lch. 76, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/81/oj.
([7]) EUR-Lex — 52025DC0148 — GA — EUR-Lex.

3.9. Tugann CESE dá aire na cláir shuaitheanta uaillmhianacha amhail an Tionscnamh Eorpach um Chosaint Frithdhrón, an Faireachán ar an gCliathán Thoir, na sciatha aeir agus spáis Eorpacha agus líonra na gconairí soghluaisteachta míleata, agus iarrann sé go leagfaí socruithe rialachais síos go soiléir.

3.10. Tá an tsoghluaisteacht mhíleata ríthábhachtach do shlándáil agus do chosaint na hEorpa, lena n-áirítear an tacaíocht a thugann an tAontas don Úcráin. Chun limistéar soghluaisteachta míleata lán-chomhtháite den Aontas a bhaint amach faoi 2027, tá gá le creat comhchuibhithe iompair ina gcuimseofar nósanna imeachta aontaithe, dearbhuithe custaim caighdeánaithe agus cumais dé-úsáide neartaithe. Is rud é an bonneagar iontaofa soláthair leachtbhreosla atá riachtanach ó thaobh na soghluaisteachta míleata de. An bonneagar fuinnimh, rud is ceart a bheith go hiomlán inbhuanaithe a luaithe is féidir, tá sé tábhachtach don ullmhacht cosanta agus don dé-úsáid. Tá an-tábhacht le comhordú breise idir na húdaráis shibhialtacha agus na húdaráis mhíleata, le bonneagar idir-inoibritheach agus le táscairí feidhmíochta soiléire. Ós rud é gur infheistíochtaí dé-úsáide iad 95 % de na hinfheistíochtaí, tacaíonn CESE le córas imréitigh amháin a thabhairt isteach chun gluaiseachtaí trasteorann a éascú. I gcás ina mbeadh bonneagar poiblí i gceist, níor mhór na comhpháirtithe sóisialta a chur san áireamh. Is dlúthchuid den chosaint agus den tsoghluaisteacht mhíleata í an chosaint chabhlaigh. Molann CESE go gcuirfí an chosaint chabhlaigh san áireamh sa Treochlár mar chuid bhunriachtanach de chóras ullmhachta cosanta an Aontais, agus cuireann sé i bhfáth gur gá na calafoirt a áireamh ar na liostaí den bhonneagar criticiúil nach mór a chosaint. Éilíonn CESE rannpháirt iomlán a thabhairt do na comhpháirtithe sóisialta i ngach próiseas a bhaineann le hathbhreithniú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar na rialacháin atá ann cheana maidir leis an tsoghluaisteacht mhíleata, i gcás ar bith ina mbíonn tionchar ag na rialacháin sin ar oibrithe san earnáil shibhialtach.

3.11. Teastaíonn méid mór cumais dé-úsáide a bheith ar fáil go héasca, go háirithe rothstoc, nuair a bhíonn gluaiseachtaí móra trúpaí agus trealaimh le déanamh. Dá bhrí sin, tá CESE i bhfách le hacmhainní tiomnaithe a chomhthiomsú agus iarrann sé ar an gCoimisiún cláir airgeadais ar leith a úsáid chun cabhlaigh agus flíteanna a chomhdhlúthú agus a athsholáthar. Leagann CESE béim freisin ar an ngá atá le comhtháthú níos láidre idir calafoirt mhóra na hEorpa agus an gréasán iarnróid, rud atá fós lag sa slabhra lóistíochta.

3.12. Ba cheart ráthaíochtaí an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (BEI) agus an Chiste Eorpaigh Infheistíochta (CEI), mar aon le comhaontuithe réamhcheannaigh agus uirlisí comhroinnte riosca, a chomhtháthú sa sásra ReArm Europe chun cur leis an acmhainneacht thionsclaíoch. Ní mór formheas mear na státchabhrach a chur i bhfeidhm freisin maidir le tionscadail a bhfuil sé cruthaithe go bhfuil breisluach Eorpach ag baint leo agus go bhfuil tionchar dearfach acu ar an bhfostaíocht ([8]). Ar bhonn níos ginearálta, molann CESE ról ghrúpa BEI a neartú maidir le bonn teicneolaíoch agus tionsclaíoch na cosanta Eorpaí a chlaochlú agus leagann sé béim ar ról na Saoráide Cothromais Cosanta, rud a chuir CEI in úsáid chun an maoiniú cothromais a chur chun tairbhe do chomhlachtaí cosanta agus dé-úsáide na hEorpa.

3.13. Ba cheart don Eoraip moil nuálaíochta i réimse na cosanta mar aon le bonneagar tástála a fhorbairt, soláthar poiblí atá bunaithe ar dhúshláin agus atá i gcomhréir le tionscadail shuaitheanta a chur chun cinn, agus an saineolas atá ag an Úcráin i dteicneolaíochtaí drón, roicéad agus lóistíochta agus i gcibeartheicneolaíochtaí a chomhtháthú faoi chuimsiú creataí agus caighdeáin shoiléire maidir le comhroinnt maoine intleachtúla agus iad bunaithe ar luachanna Eorpacha.

3.14. Beidh ar an Eoraip dul i ngleic leis an iliomad géarchéimeanna le chéile. Tá an-tábhacht freisin leis an tsoiléire straitéiseach agus le dúnadh tapa na mbearnaí cumais atá ann faoi láthair, go háirithe chun leanúint de thacaíocht a thabhairt don Úcráin. Teastaíonn treochlár spriocdhírithe ina bhfuil na tosaíochtaí iomchuí agus, chomh maith leis sin, dearcadh uilíoch, is é sin raon 360 céim.

4. **Gné na sochaí sibhialta den ullmhacht cosanta**

4.1. Aithníonn CESE an luach a bhaineann leis an teicneolaíocht agus an bonneagar dé-úsáide agus dhá fheidhm agus iarrann sé go dtabharfaí isteach socruithe oibríochtúla sonracha d'fhonn a áirithiú go bhfágfaidh na cumais sin go mbeidh an tsochaí shibhialta in ann tairbhe a bhaint as cumais fheabhsaithe i réimse na cosanta agus as ullmhacht cosanta bhreise.

4.2. Níor cheart *acquis* sóisialta an Aontais agus na mBallstát a bheith thíos le caiteachas breise i réimse na cosanta. Tá 100 milliún duine san Aontas beo bocht nó i mbaol na bochtaineachta, agus is gné thábhachtach de bhuanseasmhacht na sochaí é an comhtháthú sóisialta.

([8]) IO C, C/2025/2013, 30.4.2025, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/C/2025/2013/oj.

4.3. Tá dualgas seirbhíse míleata á thabhairt isteach an athuair ag roinnt Ballstát. Dá bhrí sin, molann CESE idirphlé uile-Aontais a dhéanamh leis an tsochaí shibhialta maidir le riachtanais na cosanta míleata agus sibhialta. D'fhéadfaí an t-idirphlé sin a nascadh leis an bhfeachtas atá beartaithe ag an gCoimisiún i gcomhar le Comhdháil Slándála München, is é sin an feachtas *Protect What Matters. Together*.

4.4. Iarrann CESE go dtabharfaí isteach cur chuige Eorpach uile-shochaí maidir leis an athléimneacht mhíleata agus shibhialta agus meabhraíonn sé a thábhachtaí atá rannpháirtíocht na sochaí sibhialta, an t-oideachas, an fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus rannpháirtíocht na saoránach ([9]). Ní mór do na saoránaigh glacadh leis gur rannpháirtithe gníomhacha iad in éiceachóras na cosanta, is cuma an comhthéacs míleata nó comhthéacs sibhialtach atá i gceist.

4.5. Tá an-tábhacht freisin le heagraíochtaí deonacha a fhad a bhaineann sé leis an bhfreagairt do ghéarchéimeanna agus leis an gcomhtháthú. Ba cheart na heagraíochtaí sin a aithint mar chomhpháirtithe céadfhreagartha agus cistiú cobhsaí, oiliúint agus stádas dlíthiúil a chur ar fáil dóibh. Is iad na seirbhísí poiblí cnámh droma an bhonneagair, an leanúnachais, na soghluaisteachta agus na hathléimneachta daonlathaí. Tá an infheistíocht, an idir-inoibritheacht agus cosaint foirne ina gcuid lárnach den ullmhacht cosanta.

4.6. Tá an-difear idir cearta saighdiúirí ó Bhallstát go Ballstát. Chun go mbeidh éifeacht leis an idir-inoibritheacht, teastaíonn méid áirithe comhchuibhithe, rud atá ag teacht leis na luachanna Eorpacha a bhfuil sé de chúram orthu a chosaint. Nuair atá an tsíocháin i réim, is é ba cheart a bheith i gceist leis sin an ceart chun comhthionóil, an t-idirphlé sóisialta agus ionadaíocht, an tsláinte, an tsábháilteacht agus cosaint teaghlaigh, an t-oideachas agus an eitic atá comhsheasmhach le tosaíocht na sibhialtach agus leis an dlí daonnúil, chomh maith le dálaí oibre cothroma, an tsoghluaisteacht gairme agus tacaíocht le haghaidh an aistrithe.

4.7. Ní mór comhpháirtithe na sochaí sibhialta a chur san áireamh sa phleanáil ullmhachta. Tríd an idirphlé struchtúrtha idir na húdaráis agus na saoránaigh, neartaítear an mhuinín, an dlisteanacht agus an úinéireacht chomhroinnte ([10]).

4.8. Tá an-tábhacht leis an oideachas foirmiúil agus neamhfhoirmiúil, oiliúint na sibhialtach agus an cistiú inbhuanaithe do ghníomhaithe na sochaí sibhialta ionas gur féidir cur le hathléimneacht na sochaí agus cur in aghaidh na bréagaisnéise agus na cúblála. Tá siad thar a bheith tábhachtach freisin maidir le féiniúlacht Eorpach atá fréamhaithe sa tsíocháin, sa tseirbhís agus sa dlúthpháirtíocht a chruthú. Ba cheart béim a leagan ar an mearfhoghlaim, ar fhorbairt leanúnach scileanna cognaíocha agus ar úsáid éifeachtach na hintleachta saorga chun an polarú agus an bhréagaisnéis a chomhrac i gcomhthéacs na cogaíochta cognaíche atá ag teacht chun cinn, rud a neartóidh buanseasmhacht na sochaí agus a thabharfaidh buntáiste míleata agus straitéiseach.

4.9. Chun go mbeidh an Eoraip athléimneach ní mór acmhainneacht theicneolaíoch agus comhtháthú sóisialta a bheith ann le chéile. Is éard atá á mholadh ag CESE comhshocrú Eorpach um scileanna i réimse na cosanta, caighdeáin láidre i réimse an tsaothair, an tsoghluaisteacht trasearnála, an chothromaíocht idir na réigiúin, rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta sa chlaochlú tionsclaíoch agus urraim chearta saothair na n-oibrithe. Tá CESE i bhfách freisin le scéim phíolótach a bhunú maidir leis an Ráthaíocht Scileanna trí dhlús a chur le cur chun feidhme agus dlúthfhaireachán na micridhintiúr agus na gcuntas foghlama aonair chun lucht saothair ildánach athléimneach a chothú in earnáil na cosanta.

4.10. Níl aon dul timpeall ar an gcuntasacht dhaonlathach. Molann CESE deais phoiblí a thabhairt isteach, rud a chuirfí san áireamh sa tuarascáil bhliantúil maidir le hullmhacht cosanta agus trína rianófaí tionchair an tsoláthair phoiblí, na nuálaíochta agus na fostaíochta, sin agus measúnuithe bliantúla ar an iomaíocht agus FBManna, agus bearta leanúnacha rialaithe arm agus trédhearcachta chun an chobhsaíocht a chothú.

4.11. Ní mór don Eoraip acmhainn cosanta a fhorbairt a thugann cosaint don tsíocháin gan dul i muinín an mhíleataithe, a dhíspreagann gan cos ar bolg a imirt agus a aontaíonn seachas a easaontaíonn. Is é a thabharfaidh cosaint d'Eoraip shaor shíochánta ná cumas cosanta inchreidte agus bonn tionsclaíoch comhleanúnach, sochaí shibhialta bhríomhar, saoránaigh ghníomhacha agus formhaoirseacht dhaonlathach.

([9]) IO C, C/2026/42, 16.1.2026, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/C/2026/42/oj.

([10]) IO C, C/2025/2957, 16.6.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/2957/oj; IO C, C/2024/2481, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/2481/oj.

5. **An uaillmhian a chur de réir na bhféidearthachtaí**

5.1. Meabhraíonn CESE go gcaithfidh beartas cosanta na hEorpa a bheith uaillmhianach ach go gcaithfidh sé a bheith réalaíoch freisin, agus díriú ar an méid is féidir a bhaint amach sna deich mbliana atá romhainn. Níor cheart an dul chun cinn sóisialta, cearta na n-oibrithe ná na dálaí oibre a bheith thíos le tionscnamh ar bith de chuid an Aontais i réimse na cosanta nó na slándála. Ní fhéadfar acmhainneacht táirgeachta thionscal cosanta na hEorpa a mhéadú mura bhfuil straitéis thionsclaíoch chomhleanúnach ann atá ag tacú léi, óir is gá don Aontas infheistíocht a dhéanamh sa slabhra luacha ina iomláine. Maidir leis na fógraí a rinneadh le déanaí ag lorg infheistíocht ollmhór, is gá anois orduithe fadtéarmacha a fháil ó na cuideachtaí.

5.2. Tá comhchreat rialála le haghaidh earraí míleata chomh tábhachtach céanna, creat a bheadh bunaithe ar chomhchaighdeáin, ar aitheantas frithpháirteach agus ar nósanna imeachta cuíchóirithe lena gcuirfí dlús leis an bhforbairt, an deimhniú agus an t-imscaradh. Ní mór cumais a chur chun cinn tríd an rialáil seachas bac a chur orthu.

5.3. Tugann CESE dá aire nach dtugtar chun suntais sa Treochlár an gá atá le hincháilitheacht soláthróirí agus táirgí a áirithiú mar a cheanglaítear le hAirteagal 16 de Rialachán SAFE nó leis an Rialachán maidir leis an gClár um an Tionscal Cosanta Eorpach. D'fhéadfadh an t-easnamh sin na caighdeáin cháilíochta a lagú le linn an chur chun feidhme, lena n-áirítear i dtionscadail shuaitheanta. I bhfianaise a íogaire atá na tionscnaimh i réimse na cosanta, ba cheart a athdhearbhú go sainráite sa Treochlár go bhfuiltear ag cloí leis na ceanglais incháilitheachta agus na ceanglais maidir le slándáil an tsoláthair chun déanamh de réir na rialachán atá ann cheana agus chun ardchaighdeáin a choinneáil ar bun.

5.4. Aithníonn CESE go bhfuil athrú ó bhonn tagtha ar an tírdhreach geopholaitiúil agus, dá bhrí sin, iarrann sé go ndéanfaí an comhtháthú eacnamaíoch agus tionsclaíoch i réimse na cosanta a chur chun cinn i gcomhthráth leis an gcomhtháthú polaitiúil agus míleata. Is éard a bheidh i gceist leis sin leas a bhaint as acmhainneacht iomlán Chonradh Liospóin, lena n-áirítear éifeacht phraiticiúil a thabhairt don chlásal cosanta frithpháirtí faoi Airteagal 42(7) CAE, Foireann Mhíleata an Aontais a neartú, fíorbhrí a thabhairt don chlásal cosanta frithpháirtí, agus Comhairle Airí Cosanta a chruthú chun tacú le forbairt chomhpháirteach cumais, Aontas Eorpach Cosanta éifeachtach a thógáil agus cur ar chumas an Aontais gníomhú mar phol cobhsaíochta i ndomhan ilpholach.

5.5. Measann CESE gur cuid bhunriachtanach den ullmhacht cosanta í an chinnteoireacht thapa. Ina fhianaise sin, cuireann sé i bhfáth athuair gur gá, de bhreis ar an mbonn tionsclaíoch cosanta is fearr is féidir a bhaint amach, droim láimhe a thabhairt don chinnteoireacht d'aon toil i gcás an bheartais eachtraigh agus slándála. Tugann CESE dá aire an rún ó Pharlaimint na hEorpa an 22 Deireadh Fómhair ([11]), ina dtugtar aghaidh, i measc ábhair ábhartha eile, ar an tsaincheist thábhachtach sin, agus cuireann sé in iúl athuair conclúidí ó thuairim eile dá chuid ([12]) inar moladh mar réiteach idirthréimhseach chun an cuspóir seo a bhaint amach ceachtar den dá rogha seo a leanas:

— tréimhse thrialach ina ndéanfaí vótáil trí thromlach cáilithe nó vótáil trí thromlach cáilithe dúbailte (i.e. tairseacha níos airde le haghaidh tromlaigh cháilithe); nó

— leas níos mó a bhaint as Airteagal 44 CAE chun comhar a cheadú idir na Ballstáit ar mian leo beart a dhéanamh agus a bhfuil acmhainneacht leordhóthanach acu i réimse an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta, trí bhíthin tarmligean cumhachta arna dhéanamh ag an gComhairle.

An Bhruiséil, an 18 Márta 2026.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Séamus BOLAND

([11]) Parlaimint na hEorpa, 2024-2029 — Téacsanna arna nglacadh.
([12]) IO C 140, 21.4.2023, lch. 20.